CEACHT 32

ÉIN FHEIRME



Pictiúr: Radharc:

Clós na feirme, Páid agus a aintín, cearca, báisín bia le cur i lámha na haintín, cró na gcearc, coileach, sicíní, comhartha ceiste, le cur sa chiorcal cainte de réir mar a oireann. Ansin Páid agus a aintín istigh i gcró na gcearc ag tabhairt bia do na sicíní.

Céim 4: gé, lacha, (Ceacht 31), bó (Ceacht 31), muc, caora, (Ceacht 31), lao (Ceacht 27), ag iománaíocht (Ceacht 23), ag fuáil (Ceacht 16), turcaí, ag caoineadh.

Gníomhartha agus geáitsíocht a dhéanamh de réir mar a bhíonn gá leo.

CÉIM 1. CLOISTEÁIL AGUS AITHINT

Cuntas Reatha

Bhí na cearca sa chlós. Bhí ocras orthu. Tháinig Páid agus a aintín amach.

Agallamh

AINTÍN: Glaoigh ar na cearca, a Pháid.
PÁID: Tiuc, tiuc, tiuc. Ó féach! tá siad ag teacht.
AINTÍN: Tabharfaimid bia dóibh.
PÁID: Tá an coileach ag troid leis an ngé.
AINTÍN: Ná bac leo. Bíonn siad ag troid go minic.
PÁID: Cá bhfuil na sicíní beaga?
AINTÍN: Tá siad istigh sa chró.

Cuntas Reatha

Chuaigh siad isteach sa chró. Chonaic siad na sicíní. Thug siad bia dóibh.

CÉIM 2. AITHRIS

CÉIM 3. ATHRÁ Ó SPREAGTHAIGH

(a) Spreagthaigh shúl (mar atá i gCéim 1);

(b) Spreagthaigh chluas:

Cá raibh na cearca?
Bhí tart orthu?
Cé a tháinig amach?

Abair le Páid glaoch ar na cearca, a "aintín".
Glaoigh orthu, a "Pháid".
An bhfuil siad ag teacht?
Céard a thabharfaidh sibh dóibh, a "aintín"?
Céard faoin gcoileach, a "Pháid?"
Freagair é, a "aintín".

Ní bhíonn siad ag troid gach lá, is dócha?
Ceist faoi na sicíní, a "Pháid".
Inis dó cá bhfuil siad, a "aintín".

Céard a rinne siad ansin?
Chonaic siad rud éigin?
Céard a rinne siad?

CÉIM 4. CLEACHTADH MÚNLAÍ AGUS FOCLÓRA

1. *Tháinig* Páid agus a aintín amach.

   (*anois, Dé Sathairn seo caite, Dé Luain seo chugainn, gach lá;* níor, ar?: *inné;* ní, an?: *amárach*).

2. Glaoigh ar na *cearca*, a Pháid.

   (*sicíní, géanna, lachain, ba, muca, caoirigh, laonna,* etc.).

3. Tá siad ag *teacht*.

   (*ag imeacht, ag dul suas, ag dul amach, ag dul síos, ag dul isteach*).

4. Bíonn siad ag *troid* go minic.

   (*ag caoineadh, ag gáire, ag ithe, ag súgradh, ag obair, ag canadh, ag casacht, ag iománaíocht, ag imirt, ag caint, ag fuáil*).

   Feidhm a bhaint as mím anseo.

CÉIM 5. SAORCHOMHRÁ CRUTHAITHEACH

1. Aithris ar an mbunchomhrá.
2. Cluiche beag:
   Fuaimeanna na n-éan agus na n-ainmhithe á ndéanamh ag na páistí. *Tomhas cé mise?*
3. Scéal a chumadh:
   "*Chuaigh Mamaí (Páid) amach sa chlós. Bhí na cearca ann . . .*"
4. Dráma:
   An coileach ag caint leis an ngé.
5. Comhrá faoin bpictiúr agus ceisteanna ó pháistí ar a chéile agus ar an múinteoir.
6. Fríos colláis;
   éanlaith feirme.

Rann Ceoil (An ceol ar théip)

I

Tá Páid agus Bríd ar an bhfeirm
Ar an bhfeirm, ar an bhfeirm,
Tá min ina lámha do na héin,
An bia is fearr leis na héanlaith.

Curfá

Tiuc . . . a deir Páid
Tiuc . . . a deir Bríd
Tá ocras orthu, ocras mór
Tiuc . . . a éanlaith